

SCÉIM TEANGA

FAOI ALT 15 D'ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

Bealtaine 2021



An Roinn Airgeadais
Department of Finance

Clár ábhair

Caibidil 1 Cúlra	3
1.1 Réamhrá	3
1.2 Ullmhú agus ábhar na Scéime Teanga 2022-2025.....	4
1.3 Próiseas comhairliúcháin	5
1.4 Athbhreithniú ar an Scéim Tríú Teanga 2018-2021	5
1.5 Dáta tosaithe an Cheathrú Scéim	6
Caibidil 2 Forbhreathnú ar an Roinn Airgeadais	7
2.1 Achoimre ar na seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn	7
2.2 Custaiméirí na Roinne	12
Caibidil 3 Achoimre ar Sheirbhísí agus Feabhsúcháin na Gaeilge atá beartaithe don Cheathrú Scéim 2022-2025	13
3.1 Achoimre ar Sheirbhísí na Gaeilge agus tiomantais bhreise faoin gCeathrú Scéim.....	13
3.2 Sonraí faoi sheirbhísí a chuirtear ar fáil i mBéarla amháin, nó go dátheangach	13
3.3 Modhanna cumarsáide leis an bpobal / Faisnéis don phobal	14
3.3.1 Comhfheirg.....	14
3.3.2 Fógraí ó Bhéal/Cumarsáid ar an Teileafón le daoine den phobal	15
3.3.3 Óráidí	16
3.3.4 Cruinnithe Poiblí	16
3.3.5 Cumarsáid Inmheánach	17
3.3.6 Cumarsáid leis na Meáin Chumarsáide	17
3.3.7 Cuirí Oifigiúla.....	18
3.3.8 Seirbhísí i gCeantair Gaeltachta.....	18
3.3.9 Logainmneacha Gaeltachta	19
3.3.10 Láithreán Gréasáin na Roinne agus Córais Ríomhaireachta.....	19
3.3.11 Foilseacháin	20
Caibidil 4 Feabhas ar an Acmhainn Teanga	22
4.1 Acmhainní Daonna	22
4.2 Oiliúint agus Forbairt	23
4.3 Cúrsaí Earcaíochta agus Socrúcháin	24
4.4 Seirbhísí Aistriúcháin	25
4.5 An Ghaeilge a chur chun cinn agus Seachtain na Gaeilge	25
Caibidil 5 Monatóireacht, Tuairiscíocht, agus Leasú	27
Caibidil 6 An Scéim Aontaithe a Fhoilsiú	29

CAIBIDIL 1: BUNEOLAS

1.1 Réamhrá

Is í seo an Ceathrú Scéim Teanga de chuid na Roinne Airgeadais a bhaineann le tréimhse na mblianta 2022 - 2025 agus a d'ullmhaigh an Roinn de bhun Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus Rialacháin Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (alt 9) 2008.

Foráiltear le halt 11 den Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí Scéim Teanga ina leagtar amach na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí Ghaeilge
- trí Bhéarla, agus
- trí Ghaeilge agus trí Bhéarla

agus na bearta a dhéanfar chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach gcuireann an comhlacht ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair ar fáil trí Ghaeilge taobh istigh de thréimhse aontaithe ama.

Is é príomhchuspóir an Cheathrú Scéim seo tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh sa Tríú Scéim maidir le seirbhísí ardchaighdeáin a chur chun cinn agus a sholáthar dár gcustaiméirí a labhraíonn Gaeilge agus leathnú ar an raon seirbhísí a chuirtear ar fáil sa dá theanga oifigiúla i rith ré feidhme na Scéime.

I gcomhréir le halt 14 (3) in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, bíonn Scéimeanna Teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go bhfuil scéin nua deimhnithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán de bhun alt 15, cibé acu sin is deireanaí a tharlaíonn.

1.2 Ullmhú agus Ábhar Scéim Teanga 2022-2025

Le linn ullmhú na Scéime Teanga seo, tugadh aird mar is cuí ar na Treoirínte a d'eisigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Anuas air sin, eagraíodh comhchomhairle chuimsitheach leis na páritithe leasmhara ábhartha mar a leagtar amach mar chuid den Scéim seo.

Oibríonn an Roinn de réir an bhunphrionsabail treorach gur chóir seirbhísí Gaeilge a bheith bunaithe ar:

- an bunleibhéal éilimh ar sheirbhísí faoi leith sa Ghaeilge atá ann
- an tábhacht atá le cur chuige réamhghníomhach maidir le seirbhísí den sórt sin a chur ar fáil, agus
- na hacmhainní, lena n-airítear na hacmhainní daonna agus airgid, agus cumas an chomhlachta atá i gceist an cumas riachtanach teanga a thabhairt chun cinn nó é a rochtain.

Comhlánaíonn an Scéim seo prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus Cairt Chustaiméirí na Roinne. Rinneadh í a chur i dtoll a chéile d'fhonn a chinntiú go dtabharfar aird iomlán, leis an Scéim seo agus le Scéimeanna a thagann ina diaidh, ar na dualgais uile a bhaineann le hábhar faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

1.3 An Próiseas Comhairliúcháin

Thug an Roinn faoi phróiseas comhairliúcháin phoiblí ag lorg aighneachtaí ó bhail an phobail maidir le ceapadh na Scéime seo. Cuireadh an fógra faoi alt 13 den Acht ar shuíomh Gréasáin na Roinne laistigh den Irish Independent (forlíonadh Seachtain) agus rinneadh é a ‘tweetáil’ ó twitter na Roinne.

Tugadh faoi phróiseas rannpháirtíochta ar fud na Roinne freisin chun forbairt agus ábhar na Scéime seo a threorú.

Bhreithnigh an Roinn gach aighneacht cumarsáide a fuarthas faoin dá phróiseas thuas maidir le foirmiú na Scéime nuashonraithe.

1.4 Athbhreithniú ar an Tríú Scéim Teanga 2018-2021

Mhéadaigh na tiomantais i Scéim an Tríú Teanga 2018-2021, leibhéal agus raon na ndaoine a cuireadh san áireamh faoin Scéim roimhe sin. Le linn ré feidhme na Scéime cuireadh tuiscint chun cinn ar an Scéim agus ar an riachtanas atá le comhlíonadh na ndualgas a choinneáil ar bun. Leagtar amach na príomhthorthaí agus cora nua i rith na bliana in Athbhreithniú Bliantúil na Roinne, a fhoilsítear i nGaeilge agus i mBéarla ar láithreán gréasáin na Roinne, tábla achoimre maidir leis an dul chun cinn leis an Tríú Scéim Teanga 2018-2021 san áireamh. Rinneadh athbhreithniú ar an Scéim ar bhonn tréimhsiúil maidir leis na croí-ghealltanais agus cuireadh doiciméad athbhreithnithe achomair ar fáil don bhainistíocht shinsearach sa Roinn. Thug athbhreithniú neamhspleách ar an Scéim a rinne an Iniúchadh Inmheánach léargas oibiachtúil ar chomhlíonadh na bpríomhghealltanais agus na ngníomhartha féideartha chun cloí le míreanna infheidhmithe a fheabhsú tuilleadh. Ar an gcaoi chéanna, soláthraíonn athbhreithniú a rinne Oifig an Choimisinéara Teanga measúnú neamhspleách ar

an Scéim trína ndéantar aon réimsí a dteastaíonn soiléiriú uathu a aibhsiú chuig na Rannáin ábhartha. Anuas air sin, tugtar chun suntais leis an gcáipéisíocht sin thuas aon ábhar deacrachta a bheadh ag Rannóga maidir le dualgais a chomhlíonadh.

Leagtar amach i gCaibidil 3 na cáipéise seo na gealltanais nuashonraithe faoin Scéim áirithe seo de réir na réimsí éagsúla agus le tagairt do ghealltanais na Scéime roimhe seo nuair is cuí sin.

1.5 Dáta tosaithe an Cheathrú Scéim

Tá an Scéim seo aontaithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus tosóidh feidhm na scéime ó 02 Feabhra 2022. Fanfaidh an Scéim i bhfeidhm go ceann tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbíonn Scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhun alt 15 an Achta, cibé acu sin is deireanaí a tharlaíonn.

CAIBIDIL 2: FORLÉARGAS AR AN ROINN AIRGEADAIS

Misean

Tá ról lárnach ag an Roinn maidir le cuspóirí eacnamaíocha, fioscacha, baincéireachta, seirbhísí airgeadais, AE, Idirnáisiúnta agus athrú aeráide a bhaint amach don Rialtais. Is é misean na Roinne “A bheith i gceannas ar bhaint amach aidhmeanna beartais eacnamaíocha, fhioscacha agus airgeadais an Rialtais, ag féachaint do na haidhmeanna atá leagtha amach sa Chlár Rialtais - Ár dTodhchaí Roinnte.”¹.

Príomhfheidhmeanna na Roinne

Bíonn baint go díreach ag an Roinn Airgeadais le réimse seirbhísí agus feidhmeanna beartais de chuid an Rialtais a chur ar fáil trína roinntear í i roinnt rannán agus aonad chun críocha bainistíochta ó lá go lá. Leagtar amach thíos cuntas achoimre ar struchtúr na heagraíochta agus ar phríomhobair na Rannóg.

2.1 Achoimre ar na Seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil

An Rannán Eacnamaíochta

Tá an Rannán seo freagrach as anailís maicreacnamaíochta, réamhaisnéis agus an beartas buiséideach. Tá de fhreagracht air chomh maith straitéisí a leagan amach maidir le cúrsaí eacnamaíochta na hÉireann agus cion tairbhe a dhéanamh maidir le beartais a chur i dtoll a chéile a bhaineann le hearnálacha faoi leith nó a mbíonn tionchar acu ar chúrsaí eacnamaíochta go ginearálta. Tugtar faoi obair thaighde agus cuirtear comhairle ar fáil faoin tionchar a bhíonn

¹ Ráiteas Straitéise na Roinne Airgeadais 2021-2023

ag an mbeartas cánach agus ag beartais eile. Pléann an Rannán freisin leis an mbeartas buiséideach go ginearálta, comhordú ar an bpróiseas buiséideach taobh istigh den Seimeastar Eorpach, réamhthuar maidir le cúrsaí fioscacha, monatóireacht ar an bhfeidhmíocht maidir le cúrsaí buiséid, anailís ar thionchar an bheartais ar chúrsaí airgeadais an Rialtais san áireamh agus idirchaidreamh a dhéanamh le Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann. Tá an Rannán freagrach as bainistíocht an Chuntais Státchiste (atá comhiomlánaithe i dtáirgeadh na gCuntas Airgeadais Bliantúil agus an Ráitis mhíosúil Státchiste) agus feidhm an Phámháistir Ghinearálta.

An Rannán Cánach

Ar an Rannán seo a leagtar an fhreagracht as gach gné den bheartas cánach, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Oibrítear go dlúth le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim, leis an OECD agus leis an AE maidir le cúrsaí cánach. Déantar anailís ar pholasaithe beartaithe agus ar dhréachta agus ullmhaítear reachtaíocht, an Bille Airgeadais san áireamh.

An Rannán Idirnáisiúnta agus AE

Pléitear sa Rannán seo le straitéisí a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm ar leibhéal an AE nó an Euro agus ar leibhéal idirnáisiúnta i ndáil le ceapadh an bheartais faoi chúrsaí eacnamaíochta, fioscacha agus airgeadais agus le comhordú tras-Rannach maidir le beartas an AE. Déanann sé bainistíocht ar phróiseas buiséadach an AE agus ar rialachas eacnamaíoch an AE agus ar fhorbairt chomhairle beartais na roinne ar shaincheisteanna a bhaineann le caidrimh idir an RA agus an AE. Tógann sé caidrimh freisin trí líonra taidhleoireachta na hÉireann agus cinntíonn sé go ndéantar an tAire agus an

Roinn a breithmheas go hiomlán faoi fhorbairtí AE agus idirnáisiúnta. Tacaíonn an Rannán leis an Aire ina ról mar Uachtarán an Ghrúpa Euro.

Gnóthaí Corparáideacha

Tá Gnóthaí Corparáideacha freagrach as cur i bhfeidhm an chreata Rialachais, an chreata um Pleanáil Ghnó Comhtháite, an creat rialaithe inmheánach maoirseachta do Chomhlachtaí faoin Aegis a fhorbairt agus a chomhordú agus a chomhordú agus a mhonatóireacht ar Rialachas Sonraí agus Bainistíocht Faisnéise. Cuimsíonn an fhreagracht freisin Rúnaí an Bhoird Feidhmiúcháin agus freagracht a bheith air as an Aonad Airgeadais a bhainistíonn gníomhaíochtaí airgeadais inmheánacha agus bainistíochta buiséid na Roinne. Tá an tAonad Bainistíochta Saoráidí freagrach as na hoibríochtaí leanúnacha laethúla chun tacú leis an Roinn trí chóiríocht agus áiseanna a bhainistiú chun cóiríocht shábháilte agus saoráidí leasa a sholáthar agus an Córas Bainistíochta Sábháilteachta a chothabháil. Tá sé freagrach freisin as a chinntiú go ndéantar gach gníomhaíocht faoi chuimsiú an Chórais Bainistíochta Sábháilteachta agus an Ráiteas Sábháilteachta.

Acmhainní Daonna

Tá Acmhainní Daonna freagrach as straitéis Acmhainní Daonna na Roinne a fhorbairt agus a thabhairt i gcrích agus as réimse leathan seirbhísí AD a chur ar fáil don lucht bainistíochta agus don fhoireann. Tá straitéis AD na Roinne dírithe ar cúig cinn de phríomhghnéithe; struchtúr eagrúcháin, pleanáil maidir leis an lucht saothair agus le leanúnachas, foghlaim agus forbairt eagraíochta, bainistíocht feidhmíochta agus tionscnaimh maidir le fostaithe a spreagadh.

An Rannán Baincéireachta

Pléitear sa Rannán seo le straitéisí maidir le hearnáil na baincéireachta agus na híocaíochta in Éirinn, le polasaithe maidir le creidmheas a chur ar fáil sa chóras eacnamaíochta, rialáil maidir le creidmheas agus le híocaíochtaí, cosaint don tomhaltóir, déileáil le morgáistí anásta agus le deacrachtaí maidir le fiachas pearsanta agus fiachas gnólachtaí beaga agus meánmhéide. Tá an rannán freagrach freisin as polasaithe maidir le cumhacht agus feidhmeanna an Bhainc Ceannais agus straitéisí cistíochta agus infheistíochta faoi bhainistíocht NAMA (m.sh. NewEra nó an ISIF). Tá sé freagrach freisin as bainistíocht a dhéanamh ar scairsheilbh an Aire i gCorparáid Straitéiseach Baincéireachta na hÉireann.

An Rannán Seirbhísí Airgeadais

Tá an Rannán seo freagrach as beartas agus reachtaíocht intíre agus AE / Idirnáisiúnta a fhorbairt i ndáil le hearnáil na seirbhísí airgeadais, cé is moite den earnáil baincéireachta agus bainistíonn sí trasuí treoracha an AE. Baineann a phríomhfheidhmeanna le hárachas agus pinsin, cistí, margaí airgeadais, beartas frith-sciúrtha airgid agus an Straitéis Idirnáisiúnta um Sheirbhísí Airgeadais.

An Rannán Scairshealbhóireachta agus Comhairle Airgeadais

Tá an Rannán Scairshealbhóireachta agus Comhairle Airgeadais freagrach as an mbainistíocht i ndáil le hinfeistíocht an Stáit in earnáil na baincéireachta (Banc Aontas Éireann, Banc na hÉireann agus Permanent TSB). Tá an rannán freagrach freisin as an mbainistíocht ar scaireanna an Aire sa Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) agus déanann ionadaíocht maidir le leas an Aire i ndáil le maoirseacht ar NAMA i gcomhréir leis an Acht NAMA. Tá de fhreagracht ar an rannán freisin ionadaíocht a dhéanamh maidir le leas an Aire i ndáil le IBRC a leachtú. Cuireann an Rannán comhairle ar an Aire i ndáil le

hearnáil na gcomhar creidmheasa. Déantar anuas air sin, trí leas a bhaint as an saineolas ar fud an Rannáin, seirbhísí comhairle maidir le cúrsaí airgeadais a chur ar fáil don Roinn go ginearálta de réir mar a éilítear sin.

An Rannán Airgeadais Idirnáisiúnta agus Aeráide

Tá an Rannán seo freagrach as an mbainistíocht maidir le caidreamh na hÉireann le Forais Airgeadais Idirnáisiúnta (IFI) agus as ról na Roinne i ndáil le hathrú aeráide agus le cúrsaí airgeadais agus aeráide. Áirítear ar na forais airgeadais idirnáisiúnta: an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF), Grúpa an Bhainc Dhomhanda, an Banc Eorpach Infheistíochta (EIB) agus bainc forbartha iltaobhacha eile.

Tá an Rannán freagrach freisin i gcomhréir leis an gcóras rialachais as creat bainistíochta na Roinne i ndáil le hábhar baoil. Déanann an Rannán, nuair is cuí, a theacht i gcomhréir agus i gcomhordú leis an gcóras náisiúnta maidir le measúnacht ar ábhar baoil. Cuireann an brainse comhlíontais dearbhú ar fáil don Bhord Feidhmiúcháin, agus don Ard-Rúnaí i ndeireadh báire, go bhfuil an Roinn ag feidhmiú taobh de réir an chreatchórais dlí agus rialúcháin.

An tAonad Dlí

Tá an tAonad Dlí freagrach as seirbhísí comhairle dlí a chur ar fáil don Roinn tríd an gCeannasaí Dlí.

Brainse na gCuntas

Tá an Brainse Cuntais freagrach as próiseáil idirbheart ar Vóta na Roinne agus fosta as cúig cinn de na Vótaí i ngrúpa na Roinne Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí (PER).

2.2 Custaiméirí na Roinne

Bhí an Rialtas, na hAirí, Dáil Éireann, Ranna eile Rialtais agus Oifigí Rialtais ar na príomhchustaiméirí chomh maith leis an earnáil phoiblí i gcoitinne. Déantar caidreamh rialta freisin, go foirmeálta agus go neamhfhoirmeálta, le forais de chuid an AE agus le forais idirnáisiúnta, le hiriseoirí, le lucht léinn, le lucht eacnamaíochta, le grúpaí stocaireachta agus, cé nach chomh mór céanna é, leis an bpobal.

Tá an Roinn Airgeadais tugtha do sheirbhís phroifisiúnta, éifeachtach, chúirtéiseach a chur ar fáil do na custaiméirí ar fad, le linn seirbhís den chaighdeán is airde a chur ar fáil agus a thabhairt i bhfeidhm i gcomhréir leis an 12 Prionsabal a ghabhann le Seirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméirí. Arna dhéanamh sin dúinn, beifear aireach maidir le riachtanais shonracha agus cúinsí sonracha na gcustaiméirí agus beidh meas ar chearta na gcustaiméirí i ndáil le cúrsaí comhionannais agus faoin reachtaíocht.

CAIBIDIL 3: ACHOIMRE MAIDIR LEIS NA SEIRBHÍSÍ GAEILGE AGUS AN FEABHSÚ A BHEARTAÍTEAR I NDÁIL LEIS AN CEATHRÚ SCÉIM 2022-2025

3.1 Achoimre maidir leis na Seirbhísí Gaeilge agus gealltanais breise faoin gCeathrú Scéim

Tá an Roinn Airgeadais tugtha do sheirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil i nGaeilge agus/nó go dhátheangach don chustaiméirí. Leagtar amach sa chaibidil seo na bearta a dhéanfaidh an Roinn i rith ré na Scéime seo d'fhonn leibhéal na seirbhísí a chuirtear ar fáil a thabhairt chun cinn agus barr feabhais a chur ar na seirbhísí a shonraítear faoin Tríú Scéim.

AN DUL CHUN CINN GO DTÍ GUR THÁINIG DEIREADH LEIS AN TRÍÚ SCÉIM TEANGA 2018 - 2021:

Anuas ar na coinníollacha faoin reachtaíocht, mar a leagtar síos faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, bhí an Roinn tugtha do chlár lena ndearnadh forbairt ar na gealltanais a leagadh amach faoin Dara Scéim Teanga.

3.2 Sonraí faoi Sheirbhísí a chuirtear ar fáil i mBéarla amháin, nó go dhátheangach

Tugtar achoimre i gcaibidil 2 maidir le príomhchustaiméirí agus príomhgheallsealbhóirí na Roinne. Mar gheall ar chineál an róil agus na bhfeidhmeanna a leagtar ar an Roinn, ní gnáthrud caidreamh go minic le daoine den phobal ná seirbhísí a chur ar fáil dóibh ar bhonn aonair. Dá réir sin, is trí Bhéarla den chuid is mó a chuireann an Roinn na príomhsheirbhísí ar fáil. Leanfar ina dhiaidh sin féin de shocruithe a dhéanamh i rith ré na Scéime seo ionas go

gcinntítear go mbíonn an deis seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge do dhaoine den phobal ar bun i gcónaí. Ina theannta sin, féachfaidh an Roinn le leibhéal na Gaeilge a mhéadú agus a normalú laistigh dá gníomhaíochtaí ó lá go lá.

3.3 Modhanna Cumarsáide leis an bPobal/Eolas don Phobal

3.3.1 Comhfhreagras

I gcomhréir le halt 9 (2) an Achta, leanfar de fhreagra a chur ar an gcomhfhreagras scríofa go léir (litreacha agus teachtaireachtaí ríomhphoist) sa teanga chéanna ar a fuarthas é. Déanfaidh an Roinn iarracht freisin lena comhfhreagras a chur i nGaeilge ón chéad teagmháil le daoine ar eol gur comhfhreagras trí Ghaeilge is rogha leo. Tabharfar treoir don lucht foirne tuairisc a choimeád ar eagraíochtaí den sórt sin ionas go bhféadtar maith a dhéanamh den ghealltanas seo. Coinneoidh an Roinn tuairisc logála den chomhfhreagras ar fad a thagann isteach i nGaeilge ionas go ndéantar monatóireacht ar an éileamh ina leith agus go gcoinnítear tuairisc, mar a leagtar amach thuas, ar eagraíochtaí arb é an comhfhreagras i nGaeilge is rogha leo.

Leanfar de theachtaireachtaí caighdeánacha ar chóras ríomhphoist na Roinne, mar shampla séanadh dliteanais, a chur i mBéarla agus i nGaeilge mar chuid de ghnáthshíniúchán caighdeánaithe na Roinne ar an ríomhphost. Nuair is féidir agus i gcás inarb iomchuí, beidh beannacht agus síniú i nGaeilge ag tús agus ag deireadh an chomhfhreagais oifigeach, lena n-airítear i gcásanna nuair atá an príomhthéacs i mBéarla.

3.3.2 Fógraí Béil/ Cumarsáid Teileafóin leis an bpobal

Is é aidhm na Roinne a áirithiú go mbíonn oifigeach de chuid na Roinne ar fáil chun seirbhís dá shórt a chur ar fáil sa chás gur mian le duine den phobal gnó a dhéanamh trí Ghaeilge ar an teileafón.

I gcomhréir leis na prionsabail maidir le seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí, leanfaidh an Roinn ag áirithiú go ndéanann oibritheoirí an chórais teileafóin agus fáilteoirí, na daoine lena mbíonn an chéad teagmháil leis an an bpobal:

- ainm na Roinne a rá i mBéarla agus i nGaeilge
- staidéar ar bheannachtaí bunúsacha na Gaeilge
- agus go gcuirfidh siad daoine den phobal i dteagmháil gan mhoill le duine i gcibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a iarrtar a chur ar fáil trí Ghaeilge.

Cuirfidh an tAonad Comhlíontais samplaí de theachtaireachtaí Gaeilge i ndáil le bheith 'as láthair ón oifig' nó 'glórphoist' ar fáil don fhoireann agus spreagfar é seo an fhoireann le teachtaireachtaí mar seo i nGaeilge agus i mBéarla a shocrú don am a mbíonn siad as láthair

Beidh na fógraí taifeadta béil seo a leanas i nGaeilge nó dháttheangach i gcomhréir leis an Acht:

- fógraí taifeadta teileafóin na Roinne taobh amuigh d'uaireanta oifige
- fógraí taifeadta béil a chraoltar trí chóras freagartha teachtaireachtaí nó trí chóras freagartha teileafóin.

3.3.3 Óráidí

Leanfar d'óráidí nó de ráitis a thugann an tAire, san Oireachtas nó in áiteanna eile, chomh maith le hóráidí a thugann oifigigh sinsearacha, a chur ar fáil sa teanga ina dtugtar iad. Áireofar leis sin óráidí a tugadh i nGaeilge.

3.3.4 Cruinnithe Poiblí

Mar gheall ar an gcineál oibre atá de phríomhchúram ar an Roinn agus an réimse leathan geallshealbhóirí, lena n-airítear eintitis idirnáisiúnta, is i mBéarla a bhíonn formhór na gcruinnithe. Mar a chéile leis an Tríú Scéim Teanga, beifear de pholasaí ag an Roinn, nuair is cuí agus nuair a bhíonn a dhóthain fógra tugtha di, baill foirne atá inniúil ar an nGaeilge a chur ar fáil ag cruinnithe le heagraíochtaí Gaeilge agus eile.

3.3.5 Cumarsáid Inmheánach

- déanfar fógraí taifeadta beil a chraoltar taobh istigh den Roinn ar chóras fógartha poiblí, lena n-airítear fógraí in ardaitheoirí, a chraoladh sa dá theanga
- leanfaidh an tAonad Bainistithe Saoráidí ag áirithiú go mbíonn gach fógra poiblí i bhfoirgnimh na Roinne a bhfuil téacs ag gabháil leo i mBéarla agus i nGaeilge
- bainfear leas as '*This Week in Finance*', nuachtlitir na Roinne, chun aon eolas maidir leis an nGaeilge a chur ar fáil don fhoireann; lena n-airítear imeachtaí a bhaineann leis an teanga, agus foilseofar ailt nó sleachta i nGaeilge le linn na bliana
- bainfear leas as suíomh inlín na Roinne chun eolas faoin Scéim seo agus faoi chúrsaí Gaeilge laistigh den Roinn a chur ar fáil don fhoireann mar thacar le hacmhainní eile maidir leis an réimse seo i gcoitinne
- i gcomhréir le forálacha éigeantacha an Achta, leanfar de na ceannteidil a chur sa dá theanga nó i nGaeilge amháin ar stáiseanóireacht oifigiúil uile na Roinne, lena n-airítear páipéar, bileoga dea-mhéine, clúdaigh litreach agus clúdaigh chomhaid
- de réir mar a chuirtear suaitheantais ainmneacha agus cártaí aitheantais nua ar fáil don lucht foirne, foilseofar ainm na Roinne i nGaeilge agus i mBéarla orthu.

3.3.6 Cumarsáidí na Meán

Déanfaidh Preasoifig na Roinne:

- cur le líon na bpreaseisiúintí le linn ré feidhme na Scéime ó 35%, faoi réir ghealltanas a tugadh faoin Tríú Scéim Teanga, go dtí 40% faoi dheireadh

ré na Scéime seo (braitear ar sheirbhísí aistriúcháin a bheith ar fáil go pras)

- iarracht láithreach na Gaeilge a neartú ar na hardáin meán sóisialta, lena n-áirítear ardú ar líon na 'tvueanna' i nGaeilge agus méadú ar an ábhar Gaeilge atá ar fáil ar an leathanach LinkedIn
- Tús agus deireadh a chur le preaseisiúintí i nGaeilge, i gcás inár féidir agus inarb iomchuí, fiú i gcásanna nuair atá an príomhthéacs i mBéarla
- deiseanna a thabhairt do lucht foirne na Preasoifige freastal ar chúrsaí Gaeilge le linn uaireanta oifige
- a chinntiú go dtugtar tús áite do phreaseisiúintí i nGaeilge maidir le cúrsaí Gaeilge nó Gaeltachta
- acmhainní cuí Gaeilge, mar shampla foclóirí, leabhair nathanna cainte agus acmhainní ar líne, a sholáthar
- a chinntiú gur i nGaeilge a fhreagraítear ceisteanna a fuarthas i nGaeilge ó dhaoine den phobal, ó iriseoirí agus ó ionadaithe poiblí.

3.3.7 Cuirí Oifigiúla

Leanfaidh an Roinn ag áirithiú go mbíonn na cuirí a eisítear maidir le himeachtaí cuí arna n-óstáil ag an Aire Airgeadais agus ag an Aire Stáit sa dá theanga oifigiúil.

3.3.8 Seirbhísí i gCeantair Ghaeltachta

Leanfaidh an Roinn de sheirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge do dhaoine den phobal i gceantair Ghaeltachta de réir mar a bhíonn gá leis sin.

3.3.9 Logainmneacha na gCeantar Gaeltachta

Leanfaidh an Roinn de na logainmneacha oifigiúla na gCeantar Gaeltachta, faoi mar a dhearbhaíonn an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, a úsáid.

3.3.10 Suíomh Gréasáin na Roinne agus Córais Ríomhaireachta

Aistríodh suíomh gréasáin oifigiúil na Roinne (<http://www.gov.ie/finance>) chuig suíomh gréasáin chomhdhlúite an rialtais gov.ie ó 2019 ar aghaidh. Is é gov.ie suíomh amháin inar tugadh suíomhanna Ranna Rialtais na hÉireann i gceann a chéile. De bharr feidhmiúlacht ghinearálta an tsuímh seo, is féidir na fotheidil agus na roghchláir ar fad a úsáid i nGaeilge agus léirítear an t-ábhar seasta ar fad sa teanga a roghnaítear.

- leanfaidh an Roinn ag áirithiú go mbíonn na leathanaigh ghréasáin ar fad taobh istigh de phríomhchóras an láithreáin ar fáil sa dá theanga
- féachfaidh an Roinn le cur go leanúnach leis an méid ábhair a bhíonn ar fáil i nGaeilge ar an tsuíomh gréasáin i rith ré na Scéime seo, de réir mar atá na hacmhainní aici chuige sin. Áirítear leis sin ábhar buanseasmhach breise na Roinne agus polasaithe cuí a aistriú agus a ionchorprú de réir mar a chuthaítear é
- Spreagfar na Rannáin chun scrúdú a dhéanamh ar an ábhar ar líne atá acu d'fhonn cur leis an méid ábhair a bhíonn ar fáil i nGaeilge, lena n-áirítear foilseacháin
- leanfar d'fheidhm cuardaigh shuíomh gréasáin na Roinne a bheith inchuadaithe trí Ghaeilge

- Foilseoidh Rannáin chuí de chuid na Roinne ábhar agus eolas i nGaeilge ar an láithreán inlín SharePoint agus beidh rannán de sin tiomnaithe don Ghaeilge agus don Scéim Teanga
- Nuair is féidir, beidh nascleanúint trí Ghaeilge indéanta mar gheall ar aon fhorbairt nua ar chúrsaí TFC, forfheabhsú córais san áireamh
- leanfaidh an Roinn ag áirithiú go mbíonn gach forbairt maidir le cúrsaí TFC i gcomhréir leis na dualgais reachtúla faoin Scéim Teanga.

3.3.11 Foilseacháin

Cuireann an Roinn réimse foilseachán ar fáil maidir le réimsí éagsúla beartais na Roinne.

Foilsítear doiciméid ríthábhachtacha áirithe i nGaeilge agus i mBéarla i gcomhréir le forálacha alt 10 an Achta, iad seo a leanas ina measc:

- an tAthbhreithniú Bliantúil
- Bileog an Bhuiséid agus Achoimre ar phríomhbhearta cánachais an Bhuiséid
- Páipéar Bán maidir le meastacháin i ndáil le Fáltais agus Caiteachas
- Straitéis Chaiteachais na hÉireann
- An Scéim Teanga
- Na Cuntais Airgeadais
- An Ráiteas Straitéise
- cáipéisí ina leagtar amach moltaí an bheartais phoiblí
- doiciméid áirithe a bhfuil mórtábhacht phoiblí ag baint leo.

Anuas air sin, foilsítear in Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste cuntais leithreasa na Roinne sa dá theanga.

Déanfaidh an Roinn iarracht cur le líon na gcáipéisí oifigiúla agus leis an eolas oifigiúil a fhoilsítear sa dá theanga agus laistigh de chlúdach amháin (más foilseachán crua nó foilseachán leictreonaice) nuair is féidir – go háirithe cáipéisí is ábhar spéise don phobal i gcoitinne.

CAIBIDIL 4: AN CUMAS TEANGA A NEARTÚ

Tá lucht na Roinne tiomanta feasta a áirithiú go mbíonn a dhóthain acmhainní teanga ar fáil sa Roinn chun seirbhís ar an leibhéal is gá a chur ar fáil i nGaeilge. Cuirfidh an tAonad Foghlama agus Forbartha sa Rannóg Acmhainní Daonna an deis ar fáil do bhaill den fhoireann a gcuid inniúlachta ar an nGaeilge a thabhairt chun cinn chomh maith le hacmhainní leordhóthaineacha teanga a chur ar fáil agus oiliúint faoi leith de réir mar is cuí.

4.1 Acmhainní Daonna

D'fhonn leibhéal na Gaeilge atá sa Roinn a mheas agus eolas a chur ar fáil faoi bhaill foirne a chuirfeadh seirbhísí Gaeilge a fáil, déanfaidh an tAonad Foghlama agus Forbartha sa Rannán Acmhainní Daonna:

- fáil amach cad é leibhéal na Gaeilge atá ag fostaithe nua na Roinne
- iniúchadh bliantúil maidir leis an nGaeilge sa Roinn, lena n-áirítear measúnacht ar leibhéal na Gaeilge scríofa agus na Gaeilge labhartha ag gach duine den fhoireann
- suirbhé gach bliain maidir leis na baill foirne atá ar fáil chun labhairt i nGaeilge le daoine den phobal agus a thairgíonn dá ndeoin féin seirbhís den sórt sin a chur ar fáil de réir mar a bhíonn gá leis
- ainmneacha na n-oifigeach atá Gaeilge ar a gcumas a fhoilsiú ar inlíon na Roinne chomh maith leis an leibhéal atá acu Gaeilge a labhairt agus a scríobh
- Seachtain na Gaeilge agus imeachtaí eile Gaeilge a chur chun cinn sa Roinn, seisiúin eolais agus cur i láthair a dhéantar i nGaeilge san áireamh
- dul i mbun plé leis an Aonad Comhlíontais agus eolas ábhartha a chur ar fáil mar chuid den chóras monatóireachta agus athbhreithnithe i ndáil leis an Scéim.

4.2 Oiliúint agus Forbairt

I ndáil le dúthracht na Roinne maidir le hhoiliúint agus forbairt chuí a chur ar fáil don uile dhuine den fhoireann, déanfar:

- leanúint den tiomantas maidir le deiseanna a chur ar fáil don fhoireann freastal ar chúrsaí oiliúna creidiúnaithe Gaeilge, de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil chuige sin, na deiseanna oiliúna san áireamh a chuirtear ar fáil go díreach chun na Roinne
- breisoideachas de gach sórt sa Ghaeilge a chur chun cinn trí Scéim na Roinne maidir le hAisíoc Táillí, lena n-áirítear socruithe maidir le baill foirne freastal ar chúrsaí oiliúna le linn uaireanta oifige
- oiliúint shaindírithe Gaeilge a chur ar fáil, de réir mar is gá, lena n-áirítear oiliúint ar na fáilteoirí agus telefónaithe agus na hoifigigh sheirbhíse go léir d'fhonn cur lena gcuid eolais ar bheannachtaí bunúsacha agus ar theanga na Gaeilge
- poiblíocht a thabhairt don Lárionad Foghlama, an lárionad foghlama nua don státseirbhís ar fad, ina gcuirfead réimse seirbhísí ar fáil don lucht foirne, seirbhísí a bhaineann leis an nGaeilge san áireamh
- aird a chur ar Scéim Teanga na Roinne ag seimineáir ionduchtaithe ionas go gcinntítear go gcuirtear gach fostaí nua ar an eolas faoi na dualgais uilig faoin Scéim
- leanúint d'acmhainní teanga a chur ar fáil don lucht foirne, lena n-áirítear acmhainní atá ar fáil ar líne agus trí rochtain na Roinne ar áiseanna éagsúla leabharlainne
- aird a dhíriú ar na deiseanna oiliúna ar fad agus ar na hacmhainní Gaeilge ar fad taobh istigh de réimse AD de láithreán inlín nua na Roinne

- chomh maith le hoiliúint a bheith ar fáil, cuirfear na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge ar fáil d'fhailteoirí d'fhonn cuidiú le cuairteoirí ar mian leo Gaeilge a labhairt.

4.3 Cúrsaí Earcaíochta agus Socrúcháin

Beidh aird ar an ngá feabhas a chur de réir a chéile ar an gcumas obair trí Ghaeilge mar chuid den pholasáí earcaíochta a thagann faoi réir na creatlaí nósanna imeachta náisiúnta earcaíochta ar aontaíodh leo.

Faoi réir na gcoinníollacha a ghabhann le socrúcháin na foirne, déanfar a dhearbhu dá mbeadh sé oiriúnach nó mura mbeadh sé oiriúnach aon phost sa Roinn a ainmniú mar phost Gaeilge agus cuirfear an Bord Feidhmiúcháin ar an eolas ina leith sin sula ndéantar 'Athbhreithniú ar Acmhainní' Socróidh lucht bainistíochta sinsearach na Roinne an modh ina líontar poist den sórt sin, ach meastar gur trí bhaill foirne a bhfuil inniúlacht ar an leibhéal cuí acu sa Ghaeilge a earcú tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, is mó a chuirfear feabhas ar infhaighteacht na seirbhísí Ghaeilge atá ann.

Poist Ainmnithe Gaeilge

Tá oifigeach comhlíontachta na Roinne ina Oifigeach Gaeilge faoi láthair, agus tá seisean nó sise freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidh an Achta agus na Scéime sa Roinn. Faigheann an t-oifigeach Gaeilge tacaíocht ón gBord Feidhmiúcháin i ndáil le cur chun feidhme éifeachtach na ngealltanais faoin scéim i gcómhréir le *hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003*.

4.4 Seirbhísí Aistriúcháin

Cinntoidh an tAonad Comhlíontais go mbíonn aistritheoir Gaeilge ag an Roinn agus go scaipfear an t-eolas faoin tseirbhís sin i measc fhoireann na Roinne ar fad.

4.5 An Ghaeilge a chur chun cinn agus Seachtain na Gaeilge

Tá an Roinn tiomanta do thionscnaimh chultúrtha a thacaíonn agus a spreagann an Ghaeilge a chur chun cinn. Tiocfaidh cur chun cinn na Gaeilge faoi stiúir Rannáin éagsúla sa Roinn, an tAonad Comhlíontais agus Acmhainní Daonna san áireamh.

Déanfaidh an Roinn imeachtaí a eagraítear i rith Sheachtain na Gaeilge a chur chun cinn.

Eagróidh an Club Sóisialta ar a laghad ócáid neamhfhoirmeálta amháin in aghaidh na bliana don fhoireann chun an Ghaeilge sa Roinn a chur chun cinn, mar shampla Tráth na gCeist chomh maith le hócáidí ‘Cupán Tae agus Cúpla Focail’ roinnt uaireanta le linn na bliana. Féachfaidh an Club Sóisialta freisin le fógraí sa dá theanga a sheoladh chuig an bhfoireann maidir le himeachtaí sóisialta nuair is féidir sin, go háirithe na himeachtaí a bhaineann leis an nGaeilge.

Mar chuid den bhféilire eagrúcháin maidir le seisiúin eolais inmheánacha ‘Power Hour’, tiocfaidh an tAonad Foghlama agus Forbartha dul i mbun plé le heagraíochtaí Gaeilge agus/nó le daoine aonair chun ar a laghad aon seisiún amháin a chur ar fáil i nGaeilge chun an teanga a chur chun cinn. Sa chás go

mbíonn suim an phobail ann, eagróidh an Roinn caint i nGaeilge chomh maith mar chuid den 'Oíche Chultúir' agus d'imeachtaí eile den sórt sin.

CAIBIDIL 5: MONATÓIREACHT, TUAIRISCIÚ AGUS

ATHBHREITHNIÚ

Bord Feidhmiúcháin

Tacóidh an Bord Feidhmiúcháin leis an nGaeilge sa Roinn agus an teanga a chur chun cinn agus coinneofar oibriú éifeachtach na Scéime Teanga faoi athbhreithniú.

An tOifigeach Comhlíontais

Ta an tOifigeach Comhlíontais freagrach as a áirithiú go bhfuil Scéim Teanga ar bun ag an Roinn.

Déanfaidh an tOifigeach Comhlíontais:

- scrúdú ar a laghad gach sé mhí ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na gealltanais a leagtar amach i Scéim Teanga na Roinne
- i rith ré feidhme na Scéime ar fad, aon bheart breise a mheas is gá chun feabhas a chur ar leibhéal na seirbhíse a chuirtear ar fáil, i bhfianaise an éilimh agus i ndáil leis an athbhreithniú gach sé mhí ar an dul chun cinn
- tuairisc a thabhairt don Ard-Rúnaí agus don Bhord Feidhmiúcháin tar éis measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na gealltanais a luaitear sa Scéim agus aon bheart nua sa bhreis a mheastar a bheith oiriúnach.

Na hAonaid Gnó

Éileofar ar gach rannóg de chuid na Roinne go léireofar na gealltanais a ghabhann leis an Scéim Teanga de réir mar is cuí sa Phlean Gnó. Is iad na bainisteoirí líne sna rannóg sin ar a leagtar freagracht maidir le cur chun feidhme na Scéime ina réimse féin is mó a bheidh i mbun na gnáthmhonatóireachta. Beidh sé de dhualgas ar gach Aonad Gnó tuairisc

mhionsonraithe a thabhairt gach sé mhí don Oifigeach Comhlíontais ar an dóigh ina bhfuiltear ag cloí leis na gealltanais.

Athbhreithniú Bliantúil

Déanfar mionsonraithe faoin dul chun cinn maidir le comhlíonadh na ngealltanais a luaitear sa Scéim seo a fhoilsiú gach bliain in Athbhreithniú Bliantúil na Roinne, lena dtabharfar san áireamh:

- polasaithe nó tionscnaimh sa bhreis lena gcuirtear an Ghaeilge chun cinn
- ábhar a fhoilsítear i nGaeilge go hiomlán nó go páirteach
- aon ghearán nó moladh a dhéantar maidir le seirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil ag an Roinn agus cineál na ngearán nó na moltaí sin
- an dul chun cinn maidir le gach gealltanais a leagtar amach sa Scéim
- leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge.

CAIBIDIL 6: AN SCÉIM AONTAITHE A FHOILSIÚ

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tá a bhfuil de fhreagracht orthu i ndáil le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 curtha in iúl do gach duine d'fhoireann na Roinne Airgeadais.

An Ceathú Scéim Teanga 2022 – 2025

Tugadh cóip den Scéim Teanga seo don bhfoireann uile sa Roinn Airgeadais agus leanfar dá bhfuil de chúram orthu ina leith a chur i gcuimhne dóibh ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear:

- eolas ar bhunleathanach Inlíon na Roinne
- nuashonrúcháin ón gCeannasaí Comhlíontais
- ócáidí cultúir a chur chun cinn
- oiliúint ionductaithe.

An Pobal i gCoitinne

Déanfar an Scéim Teanga seo, maille le tuairiscí ar an dul chun cinn ina leith, a chur ar fáil don phobal ar na modhanna seo a leanas:

- preaseisiúint maidir le seoladh na Scéime
- fógra feiceálach ar shuíomh gréasáin na Roinne
- bileog ghairid eolais ina leagtar amach na seirbhísí a bhfuil rochtain orthu i nGaeilge a chur ar fáil ag deascanna fáilte agus ar shuíomh gréasáin na Roinne
- Athbhreithniú Bliantúil na Roinne lena leagfar amach an dul chun cinn maidir le comhlíonadh na ngealltanais a luaitear sa Scéim.

Chomh maith leis na bearta thuasluaite, leanfaidh an Roinn de gach deis a thapú le linn na ngnáthchaidreamh le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirtear ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus poiblíocht a dhéanamh ina leith:

- trína chur in iúl do chustaiméirí go bhfuil sé de rogha acu déileáil leis an Roinn trí Ghaeilge le fógraí faoi sheirbhísí atá ar fáil a chrochadh in ionaid fáiltithe agus trí liosta de na seirbhísí a chur ar shuíomh gréasáin na Roinne
- nótaí a chur i bhfoilseacháin agus i bhfógraí de chuid na Roinne ag cur in iúl go gcuirtear seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge agus go gcuireann an Roinn fáilte roimh an gcustaiméir ar mian leis nó léi gnó a dhéanamh trí Ghaeilge, i gcomhréir le gealltanais na Scéime.

Seoladh cóip den Scéim freisin chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

**Tithe an Rialtais Sráid Mhuirfean Uacht,
Baile Átha Cliath 2, D02 R583, Éire**
Government Buildings, Upper Merrion Street,
Dublin 2, D02 R583, Ireland

T:+353 1 676 7571



@IRLDeptFinance